**Éist le Cillian ag cur síos ar an timpeallacht in Éirinn agus freagair na ceisteanna seo a leanas. (Transcript)**

Cillian : Chaith mé coicís ag taisteal ar fud na hÉireann ar na mallaibh agus caithfidh mé a rá gur chuir stádas na timpeallachta droch-mhisneach orm. Tá fadhb timpeallachta ollmhór againn agus níl go leor á dhéanamh faoi.

Bhí clú agus cáil ar an tír seo fadó mar oileán álainn glas sláintiúil ach a mhalairt atá fíor sa lá atá inniu ann. Chonaic mé plaisteach ar gach cósta ar fud an oileáin.

I ngach baile mór bhí bruscar ar na sráideanna agus ní raibh tásc ná tuairisc ar athchúrsáil. Chonaic mé oibrithe ó na comhairlí contae ag cur ceimiceáin chontúirteacha ar na sráideanna chun plandaí a mharú. Déanann ceimiceáin dochar do shláinte dhaoine agus do na hainmhithe.

Ní fhaca mé fuinneamh in-athnuaite ach amháin sna cathracha móra. Níl raibh cumhacht gaoithe nó grianfhuinneamh le feiceáil ach i gcúpla áit. Tá daoine go fóill ag úsáid ola, gual agus móin.

Bhí mise thar lear anuraidh agus sílim go bhfuil muid níos measa ná na tíortha eile san Eoraip. Nár chóir dúinn níos mó a dhéanamh chun an timpeallacht a chaomhnú dár bpáistí nó beidh scrios iomlán déanta?

**Éist le Cillian ag cur síos ar an timpeallacht in Éirinn agus freagair na ceisteanna seo a leanas. (Translation)**

Cillian : I spent a fortnight travelling throughout Ireland recently and I must say that the status of the environment disheartened me. We have a huge environmental problem and not enough is being done about it.

This country was famous long ago as a beautiful green island but the opposite is true nowadays.

I saw plastic on every coast throughout the island. In every big town, there was rubbish on the streets and there was no sign of recycling. I saw workers from the county councils putting dangerous chemicals on the streets to kill plants.

Chemicals harm people and animals' health.

I didn't see renewable energy except in the big cities. Wind power and solar power could only be seen in a few places. People are still using oil, coal and turf.

I was abroad last year and I think that we are worse that the other countries in Europe. Shouldn't we do more to preserve the environment for our children or else there will be total destruction?